Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 40

# Leanaí agus Gnóthaí Óige

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, tá dualgas orm an Cuntas Leithreasa bliantúil a ullmhú don Vóta, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun é a iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tá an cuntas faoi iamh ullmhaithe agam faoin méid caite sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, le haghaidh seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus le haghaidh íocaíocht deontas lena n-áirítear deontais áirithe faoi scéimeanna atá faoi uasteorainn airgid thirim.

Cuirtear an táirgeacht chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair de chaiteachais don bhliain.

Tá barrachas de €16.102 milliún faoi dhliteanas é a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus Prionsabail agus Nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi na Polasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta le haghaidh táirgeadh cuntas leithreasa mar atá leagtha síos ag an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 24/2018 curtha i bhfeidhm nuair a bhí an cuntas á ullmhú ach amháin an méid seo a leanas.

***Dímheas***

Tá an Campas Coinneála Leanaí i mBaile an Oibricigh dílsithe san Aire agus san áireamh i sócmhainní caipitil mar thalamh agus foirgnimh. Déantar foirgnimh a dhímheas ag ráta 2% sa bhliain de réir méid chothroim thar a saolré fhónta mheasta. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar chúig bliana ag ráta 20% sa bhliain.

***Íocaíochtaí le Pobal***

Déantar cistí a réamhíoc le Pobal i ndáil le soláthar seirbhísí áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Tugann Pobal cistí nach dteastaíonn (e.g. mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a raibh súil leis) ar ais don Roinn. Déantar an glanmhéid a réamhíoctar le Pobal sa bhliain a mhuirearú i gcoinne na bhfo-cheannteideal ábhartha sa bhliain (féach Nóta 6.1).

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Tá an fhreagracht seo á feidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbeidís á mbrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothú agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus a éifeachtúlacht.

Cuirtear seirbhísí áirithe ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais na gComhaontuithe Leibhéal Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte maidir le seirbhísí áirithe airgeadais agus comhroinnte TF a sholáthar, agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le Seirbhísí Comhroinnte AD agus Párolla a sholáthar. Chomh maith leis sin, tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam faoi nósanna imeachta airgeadais poiblí maidir le seirbhísí airgeadais atá á soláthar ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

Braithim ar litir dearbhaithe ó gach Oifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Sláinte, sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú sa soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Riarann Pobal roinnt clár thar ceann na Roinne, cláir luathbhlianta agus cláir do dhaoine óga ina measc. I 2018, rinneadh maoiniú arbh fhiú €513 milliún é a réamhíoc le Pobal maidir leis seo (Nóta 6.1).

Tá an caidreamh idir an Roinn agus Pobal á rialú ag comhaontú leibhéal seirbhíse (CLS) uileghabhálach. Cumhdaíonn an CLS reatha an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2017 go dtí deireadh 2022.

Seo a leanas an seasamh atá ann maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním gur ann do thimpeallacht rialaithe a áirítear inti na gnéithe seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm le linn dom mo chuid freagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais bunaithe chun na sócmhainní a chosaint.
- Síníonn an fhoireann bainistíochta sinsearach Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais maidir lena réimsí freagrachta féin. Tá na ráitis seo ar fáil domsa, mar Oifigeach Cuntasaíochta, nuair a bhíonn an Cuntas Leithreasa á thabhairt chun críche agam.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta bunaithe lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear na gnéithe seo a leanas sa mhéid sin.

- Tá córas buiséadaithe cuí bunaithe le buiséad bliantúil a bhfuil athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an bhfoireann bainistíochta sinsearach air.
- Déanann an fhoireann bainistíochta sinsearach athbhreithnithe rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte infheistíochta caipitil cuí agus smachta foirmiúla bainistíochta tionscadail forbartha.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil leagtar an bhéim iomchuí ar an dea-chleachtas chun ceannacháin a dhéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir. Tá an Roinn comhlíontach seachas eisceacht amháin, agus tá sé sin sonraithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Bhain conradh arbh fhiú thart ar €25,000 é le haitheantas breitheanna a cláraíodh go neamhdhleathach agus leis an gceanglas obair imscrúdaithe bhreise a thionscnamh chun déanamh amach cé chomh mór agus is féidir leis an gceist seo a bheith. Bhí saineolaí neamhspleách ó lasmuigh den Stát ag teastáil láithreach ball, agus sna himthosca sin ní raibh sé indéanta tabhairt faoi phróiseas iomaíoch.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá formheasta agam. Tá obair na feidhme a eascraíonn as an anailís atá déanta ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus a pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, formheasta agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

Feidhmíonn an tAonad Iniúchta Inmheánaigh faoi threoir agus rialú an Choiste Iniúchta agus an Ard-Rúnaí. Buailim le Ceann an Iniúchta Inmheánaigh agus le Cathaoirleach an Choiste Iniúchta go tréimhsiúil. Tá miontuairiscí agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchta ina n-ábhar plé ag Bord Bainistíochta na Roinne.

I dteannta le soláthar foirne buan Aonad an Iniúchta Inmheánaigh, tá conradh le haghaidh seirbhísí iniúchta inmheánaigh le conraitheoir seachtrach ag tacú leis an bhfeidhm iniúchta. I rith 2018, rinneadh 14 athbhreithniú iniúchta inmheánaigh. Astu seo, luadh tuairim de ‘dearbhú réasúnach’ le hocht n-athbhreithniú agus luadh tuairim de ‘dearbhú teoranta’ le ceithre athbhreithniú. Ina theannta sin, níorbh ghá tuairim ar leibhéal dearbhaithe a lua le dhá cheann de na tuarascálacha. Tá nósanna imeachta bunaithe agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha agus ar mholtaí fheidhm an iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Roinn a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí bunaithe ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus tá siad seo sainaitheanta, measta agus grádaithe de réir a suntais. Déanann an Coiste Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashornú gach ráithe. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as feidhmiú rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Rinneadh athbhreithniú iniúchta inmheánaigh ar an gcreat riosca agus rialaithe i 2018 agus rinneadh tuairim de ‘Dearbhú Réasúnach’ maidir le leordhóthanacht na socruithe bainistíochta riosca.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh próisis rialaithe monatóireachta, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don fhoireann bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, áit ar cuí, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe agus go ndéantar aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais de rialuithe airgeadais inmheánacha bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an fhoireann bainistíochta sinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais***

Tarraingíodh aird ar roinnt saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánaigh i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh i rith 2018. Ní raibh ach ‘dearbhú teoranta’ luaite le ceithre chinn acu. Áirítear i measc saincheisteana ar tarraingíodh aird orthu agus bearta ceartaitheacha a cuireadh i bhfeidhm.

***Próiseas soláthair***

Rinneadh ceithre mholadh ardtosaíochta i dtuarascáil iniúchta inmheánaigh i Meitheamh 2018 maidir leis na próisis soláthair laistigh den Roinn a raibh tuairim de ‘dearbhú teoranta’ mar thoradh orthu. Áiríodh i measc na moltaí ardtosaíochta feabhsúcháin ar chothabháil chlár rioscaí láraithe na Roinne agus plean corparáideach soláthair a fhorbairt. Glacadh leis na moltaí ar fad agus tá siad á gcur chun feidhme.

***Comhaontú leibhéal seirbhís — luath bhlianta***

Measadh i dtuarascáil iniúchta inmheánaigh i Meán Fómhair 2018 cibé an raibh nó nach raibh comhaontuithe leibhéal seirbhíse (CLSanna) scríofa i bhfeidhm a chiallaigh go raibh comhlachtaí seachtracha ag soláthar clár nó seirbhísí eile thar ceann na Roinne maidir le maoiniú seirbhísí luathbhlianta. Cé gur aithníodh go bhfuil CLS uileghabhálach bunaithe le

Pobal, moladh gur cheart fo-Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse a bhunú do gach clár. Tá tús curtha ag an Roinn leis an bpróiseas seo agus tá obair ar siúl ar bhonn tosaíochta.

***Comhaontú leibhéal seirbhíse — socruithe coimisiúnaithe maidir le heagraíochtaí agus seirbhísí don óige***

Measadh i dtuarascáil iniúchta inmheánaigh i Meán Fómhair 2018 cibé an raibh nó nach raibh comhaontuithe bunaithe le Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) a sholáthraíonn cláir nó seirbhísí eile thar ceann na Roinne maidir le maoiniú eagraíochtaí agus seirbhísí don óige. Moladh go ndéanfaí CLSanna a dhréachtú le gach BOO ar bhonn práinne. Leanadh le rannpháirtíocht shuntasach leis na BOOanna ina dhiaidh sin, agus tá CLS i bhfeidhm le gach BOO anois.

***Leanúnachas gnó agus bainistíocht theicniúil athshlánaithe ó thubaiste***

Sainaithníodh i dtuarascáil iniúchta inmheánaigh i Nollaig 2018 cúig mholadh mheántosaíochta a raibh tuairim de 'dearbhú teoranta' mar thoradh leo bunaithe ar rialuithe leanúnachais ghnó agus athshlánaithe ó thubaiste a bheith ann agus a n-éifeachtúlacht oibríochtúil. Ar aon dul le moltaí an iniúchta, déanfar measúnú riosca mionsonraithe ag deireadh na bliana. Ina dhiaidh sin, déanfar anailís tionchair gnó agus forbrófar plean leanúnachais gnó. Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe athstruchtúrú bunúsach ar an mbonneagar TF agus córais tacaíochta a chur i bhfeidhm sa Roinn i rith 2019.

***Seirbhís na hÉireann um cheartas i leith an aosa óig***

I rith 2018, sainaithníodh teip rialaithe maidir le haisghabháil tuarastail i ndáil le ball foirne a bhí ar iasacht ó Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh le heagraíocht sheachtrach. Tá plé maidir leis an aisghabháil ag leanúint ar aghaidh leis an eagraíocht sheachtrach. Tá an tsuim i gceist cothrom le €500,000.

***Luathbhlianta — comhlíonadh le rialacha an chláir***

I láthair na huaire, tá an Roinn i mbun seacht gclár luathfhoghlama agus cúram (ELC) agus cúram ar aois scoile (SAC) bunaithe ar éileamh a riar, trí fhóirdheontais uilíocha agus spriocdhírithe a chur ar fáil. I 2018, bhí an méid iomlán maoinithe i gceist cothrom le €495 milliún.

Gné bhunúsach de rialachas iomlán na scéimeanna ELC agus SAC é comhlíonadh le rialacha an chláir agus sainaithníodh roinnt saincheisteanna rialaithe i 2018 arís. Ábhar imní le blianta beaga anuas é leordhóthanacht na rialuithe agus is fianaise é seo ar dhearadh agus ar shainiúlacht rialacha na scéimeanna bunaidh. Ina theannta sin, tá saincheisteanna oidhreachta le tabhairt faoi deara i measc soláthraithe pobail cúraim leanaí seachbhrabúsacha, a raibh maoiniú á fháil ag go leor acu roimhe seo faoi shamhail deontais soláthar foirne agus bhí deacrachtaí ag go leor acu dul in oiriúint don mhodh íocaíochta bunaithe ar thinreamh leanaí. Chomh maith leis sin, baineann go leor de na saincheisteanna oidhreachta leis an scéim um chúram leanaí (CLP) atá i bhfeidhm i limistéir faoi mhíbhuntáiste den chuid is mó, limistéir ina bhfuil na patrúin tinrimh níos neamhrialta.

I dtimthriall 2017/18 (Samhain 2017 go dtí Lúnasa 2018), glacadh leis go raibh thart ar 16% de na conarthaí ar ndearnadh athbhreithniú orthu neamhchomhlíontach go suntasach. I dtimthriall 2018/2019, thosaigh an Roinn ag díriú ar na réimsí is mó ar bhain riosca leo chomh fada is a bhain le maoiniú Státchiste, agus díríodh go príomha ar thaifid tinrimh. Cuireadh acmhainní breise ar fáil sa Roinn agus i bPobal. Mar thoradh ar an ngníomhaíocht seo, glacadh leis go raibh thart ar 31% de na conarthaí a ndearnadh athbhreithniú orthu i 2018/19 (Deireadh Fómhaire 2018 go Meitheamh 2019) neamhchomhlíontach go suntasach. Bheifí ag súil leis an méadú ar neamhchomhlíonadh suntasach mar go rabhthas ag díriú ar na réimsí ar bhain an méid is mó riosca leo.

Tá sé beartaithe tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh. Leanadh le tuilleadh cuairteanna, a chumhdaíonn gach scéim, i rith thimhthriall 2018/19 agus leagfar béim ar chonarthaí agus ar sheirbhísí ardluacha a bhfuil stair de neamhchomhlíonadh le rialacha cláir acu. Lena chois sin, ba cheart go mbeadh an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ar cuireadh tús léi ag deireadh 2019 mar bhonn le feabhas suntasach a chur ar an staid trí chéile maidir le rialachas agus comhlíonadh soláthraithe le rialacha scéime.

Ag deireadh 2018, thaifead próiseas bainistíochta fiachais iarmhéid féichiúnaithe de €5.1 milliún le haghaidh gach clár de chuid RLGÓ. Áirítear anseo cláir seachas ELC agus SAC. Baineann thart ar €3.0 milliún (60%) de seo le tionscadail chaipitil stairiúla a bhaineann leis an tréimhse idir 2000-2010. Glacann Pobal leis go bhfuil breis is €1.0 mhilliún den fhiachas seo do-athfhála mar gheall ar roinnt cúiseanna oibríochtúla, lena n-áirítear nach bhfuil roinnt soláthraithe i mbun gnó níos mó. Tá dlús curtha ag an Roinn leis an bplé le Pobal agus é mar aidhm modheolaíocht a fhorbairt chun déileáil leis an bhfiachas seo agus táthar ag súil go mbeidh siad in ann é seo a dhéanamh faoi dheireadh 2019.

***Ullmhú an chuntais leithreasa***

Sainaithníodh roinnt earráidí cuntasaíochta san iniúchadh a rinneadh ar Chuntas Leithreasa 2018 a cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) i Márta 2019. Chiallaigh sé seo go raibh sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar iontrálacha cuntasaíochta agus ar rialuithe gaolmhara. Sainaithníodh i rith an athbhreithnithe roinnt teipeanna rialaithe, go háirithe chomh fada is a bhain le roinnt íocaíochtaí agus coigeartuithe dheireadh na bliana. Chomh maith leis sin, sainaithníodh i rith an athbhreithnithe an gá atá leis an mbealach a bhfuil taifid a bhaineann le hiontrálacha cuntasaíochta á gcoimeád chun críocha iniúchta.

Dá bharr sin, rinneadh glanchoigeartú de €54,029 ar fhigiúr géillte an Státchiste i gcomparáid le figiúr géillte bhunaidh an Státchiste, agus coigeartú ar iarmhéid an ghlanmhaoinithe Státchiste. Dá réir sin, tá an Cuntas athshínithe agam agus tá nósanna imeachta feabhsaithe maidir le rialuithe cuntasaíochta agus coimeád taifead á mbunú.

**Fergal Lynch**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

23 Meán Fómhair 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

**Tuairim ar an gcuntas leithreasa**

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le Leanaí agus Gnóthaí Óige agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.*

### *Cláir cúram leanaí luathbhlianta agus oideachais*

Déantar athbhreithniú i gCaibidil 16 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhíse poiblí le haghaidh 2018 ar mhaoirseacht na Roinne ar an riarachán atá á dhéanamh ag Pobal ar chláir mhaoinithe luathfhoghlama agus cúram leanaí sa tréimhse 2015 – 2018, na rialuithe a bhaineann le híocaíochtaí agus cáilíocht, agus meastóireacht na Roinne ar éifeachtacht na gclár.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2019

# Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| | **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 786,298 | | | |
| | *Méid forlíontach* | (992) | | | |
| | | | 785,306 | 784,712 | 739,591 |
| B | Cláir Earnála do Leanaí agus Daoine Óga | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 567,896 | | | |
| | *Méid forlíontach* | 23,699 | | | |
| | | | 591,595 | 577,257 | 488,352 |
| C | Clár Polasaí agus Reachtaíochta | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 29,117 | | | |
| | *Méid forlíontach* | (2,493) | | | |
| | | | 26,624 | 24,885 | 22,041 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 1,383,311 | | | |
| | *Méid forlíontach* | 20,214 | | | |
| | | | **1,403,525** | **1,386,854** | **1,249,984** |
| | *Asbhaint* | | | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair_** | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 27,301 | | | |
| | *Méid forlíontach* | (2,786) | | | |
| | | | **24,515** | **23,946** | **21,024** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 1,356,010 | | | |
| | *Méid forlíontach* | 23,000 | | | |
| | | | **1,379,010** | **1,362,908** | **1,228,960** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas an mhéid a cuireadh ar fáil sa bhreis ar an nglanmhéid faoi dhliteanas é a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas le géilleadh | **16,101,819** | **58,704,416** |

**Fergal Lynch**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

23 Meán Fómhair 2019

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 1,370,412 | 1,237,392 |
| Pá | | 13,869 | 11,048 |
| Neamhphá | | 2,573 | 1,544 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,386,854** | **1,249,984** |
| *Asbhaint* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **23,946** | **21,024** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,362,908** | **1,228,960** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim ceannachán | (2,783) | | |
| Caillteanais ar dhiúscairtí | 208 | | |
| Dímheas | 1,379 | | |
| | | (1,196) | 891 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,320) | | |
| Laghdú ar stoc | 17 | | |
| | | (1,303) | 6,366 |
| **Caiteachas díreach** | | **1,360,409** | **1,236,217** |
| **Caiteachas iompartha áit éigin eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí comhghuaillíocha (nóta 1.1) | | 7,756 | 6,799 |
| **Glanchostas cláir** | | **1,368,165** | **1,243,016** |

### 1.1. Glanchaiteachas seirbhísí comhghuaillíocha

Áirítear sa ghlanchaiteachas seirbhísí comhghuaillíocha na méideanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 40 iompartha áit éigin eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte cionroinnte ar Vótaí eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 90 | 105 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scortha | 1,005 | 774 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 6,583 | 5,841 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 70 | 79 |
| Lárchiste – Pinsin aireachta | 8 | — |
| | **7,756** | **6,799** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **56,817** | **55,607** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 6 | 23 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,697 | 2,221 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 6,577 | 845 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 10,280 | 3,089 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 5,263 | (492) |
| Costais fabhraithe | | 571 | 415 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 897 | 1,136 |
| Glanmhaoiniú Státchiste dlite | 2.7 | 417 | 201 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | 7,148 | 1,260 |
| **Glansócmhainní reatha** | | **3,132** | **1,829** |
| **Glansócmhainní** | | **59,949** | **57,436** |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.1 | **59,949** | **57,436** |

### 2.1 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Iarmhéid ar 1 Eanáir** | | | 57,436 | 64,652 |
| Coigeartú | | | 14 | 41 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 1,379,010 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (16,102) | | |
| Glanvóta | | | 1,362,908 | 1,228,960 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompartha áit éigin eile | 1.1 | | 7,756 | 6,799 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (1,368,165) | (1,243,016) |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | | | **59,949** | **57,436** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán, feistis agus mótarfheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ar 1 Eanáir 2018 | 57,581 | 844 | 765 | 59,190 |
| Coigeartuithe | — | 14 | — | 14 |
| Breiseanna | 1,892 | 183 | 708 | 2,783 |
| Diúscairtí | — | (233) | (674) | (907) |
| Costas nó luacháil ar 31 Nollaig 2018 | 59,473 | 808 | 799 | 61,080 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar 1 Eanáir 2018 | 2,278 | 720 | 585 | 3,583 |
| Dímheas don bhliain | 1,189 | 81 | 109 | 1,379 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (224) | (475) | (699) |
| Dímheas carnach ar 31 Nollaig 2018 | 3,467 | 577 | 219 | 4,263 |
| **Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2018** | **56,006** | **231** | **580** | **56,817** |
| Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2017 | 55,303 | 124 | 180 | 55,607 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG | (5,264) | 484 |
| Iarmhéideanna bainc eile | 1 | 8 |
| | **(5,263)** | **492** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 6 | 17 |
| Tomhaltáin TF | — | 6 |
| | **6** | **23** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Airleacain chuig OPW | 191 | 776 |
| Tuarastail forchúitithe | 112 | 61 |
| Caiteachas taistil forchúitithe | 13 | 6 |
| Caiteachas forchúitithe na scéime saorthaistil | 57 | — |
| Míreanna fionraí dochair eile | 6,204 | 2 |
| | **6,577** | **845** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Seirbhísí Gairmiúla Cánach Siarchoinneálaí | 65 | 42 |
| Cáin Bhreisluacha | 368 | 436 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | — | 4 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 2 | — |
| Asbhaintí párolla ar fionraí | 4 | 477 |
| Caiteachas forchúitithe na scéime saorthaistil | — | 14 |
| | 439 | 973 |
| | | |
| Míreanna fionraí sochair eile | 444 | 163 |
| Tuarastail forchúitithe | 14 | — |
| | **897** | **1,136** |

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Barrachas le géilleadh | 16,102 | 58,704 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (15,685) | (58,503) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste dlite** | **417** | **201** |
| | | |
| **Ionadaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe:** | | |
| Banc agus airgead tirim | (5,263) | 492 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 6,577 | 845 |
| | 1,314 | 1,337 |
| **Creidiúnaithe:** | | |
| Dlite don Stát | (439) | (973) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (458) | (163) |
| | (897) | (1,136) |
| | | |
| | **417** | **201** |

## 2.8 Gealltanais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **a) Gealltanais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 4,153 | 8,446 |
| Cláir deontais neamhchaipitil | 67 | 48 |
| Cláir deontais chaipitil | — | — |
| Iomlán na ngealltanas infhorfheidhmithe le dlí | **4,220** | **8,494** |

| **b) Gealltanais an chláir deontais chaipitil** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | — | — |
| Deontas íoctha sa bhliain | (9,072) | (20,190) |
| Gealltanais deontais nua | 9,072 | 20,190 |
| Deontais cealaithe | — | — |
| Iarmhéid deiridh | — | — |

| **c) Gealltanais an chláir deontais neamhchaipitil** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | — | — |
| Deontas íoctha sa bhliain | — | — |
| Gealltanais deontais nua | 67 | — |
| Deontais cealaithe | — | — |
| Iarmhéid deiridh | **67** | **—** |

**d) Mórthionscadail chaipitil**

| **Tionscadal** | **Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2017** | **Caiteachas i 2018** | **Gealltanais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas iomlán ionchais** | **Caiteachas iomlán ionchais** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **2018** | **2017** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 54,500 | 1,892 | 48 | 56,440 | 56,440 |

## 2.9 Dliteanas teagmhasach

